| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú an tseachtain seo?<br>*Bhí mé ag ...*<br>*Chuaigh mé go (dtí an) ...*<br>*Chonaic mé ...*<br>*D'ith mé ...* | What did you do this week?<br>*I was at …*<br>*I went to (the) …*<br>*I saw …*<br>*I ate …* |
| **2.** | An maith leat dul amach ag damhsa nó an fearr leat rud eile a dhéanamh istoíche? | Do you like to go out dancing or do you prefer to do something else at night? |
| **3.** | Cad a dhéanfaidh tú do Lá an Altaithe? | What will you do for Thanksgiving? |
| **4.** | Cad a dhéanfaidh tú don Nollaig? | What will you do for Christmas? |

## An Geall (Liam Mac Uistín) — The Bet

| | | |
|---|---|---|
| 1. | D'oscail Colm Ó Sé a shúile agus lig sé cnead as. | Colm Ó Sé opened his eyes and groaned. |
| 2. | Chas sé sa leaba agus d'fhéach sé ar an gclog a bhí ar an mbord in aice na leapa. | He turned in the bed and looked at the clock that was on the table next to the bed. |
| 3. | Bhí na lámha ag tarraingt ar mheán lae. | The hands were approaching noon. |
| 4. | Lig sé cnead eile as agus tharraing sé na héadaí leapa thar a cheann. | He groaned again and pulled the bedclothes over his head. |
| 5. | Bhí diabhal beag damanta éigin ag bualadh a chláir éadain le casúr cruach. | Some darned little devil was striking his forehead with a steel hammer. |
| 6. | Bhí scór diabhal ag sá priocairí te ina ghoile. | Twenty devils were sticking hot pokers into his stomach. |
| 7. | Bhí céad diabhal ag sá spící bioracha isteach ina shúile. | A hundred devils were sticking sharp spikes into his eyes. |
| 8. | Nocht sé a cheann arís agus thosaigh sé ag lúbarnaíl go míshuaimhneach. | He uncovered his head again and began to twist uneasily. |
| 9. | Tháinig imeachtaí na hoíche aréir ar ais ina chuimhne. | The events of the previous night came back into his memory. |
| 10. | Chuir sé tús leis an oíche ag ól lena chairde sa Ghluaisteán Glas, an tábhairne i lár na cathrach inar ghnách leo bualadh le chéile. | He began the night drinking with his friends in the Green Car, the pub in the middle of the city were they usually met each other. |
| 11. | Ansin chuaigh siad ar aghaidh go dtí Bealach na Bó Finne, an club oíche galánta taobh ó dheas den chathair. | She didn't know what was in store for her. |
| 12. | D'ól sé go trom ansin agus bhí sé chomh meidhreach le dreoilín teaspaigh nuair a thug sé an cailín faoi deara. | He drank heavily there and was as happy as a grasshopper when he noticed the girl. |

| | | |
|---|---|---|
| 13. | Bhí sí ina suí le cúpla cailín eile ag an mbord in aice leis. | She was sitting with a couple other girls at the table next to him. |
| 14. | Chuir a gáire drithlín gliondair tríd. | Her laughter sent a spark of joy through him. |
| 15. | Chuir a gnúis álainn agus a folt buíbhán faoi dhraíocht é. | Her beautiful face and her light blond hair enchanted him. |
| 16. | Tar éis tamaillín, d'éirigh leis dul chun cainte léi. | After a little while, he managed to go talk to her. |
| 17. | Tar éis tamaillín eile bhí sé ina shuí in aice léi agus a lámh faoina com aige. | After another little while, he was seated next to her and his hand around her waist. |
| 18. | D'ordaigh sé seaimpéin agus d'ól siad sláinte a chéile. | He ordered champagne and they drank each other's health. |
| 19. | Síle an t-ainm a bhí uirthi. | Her name was Sheila. |
| 20. | Dúirt sí gur thaitin an t-ainm Colm go mór léi. | She said that she liked the name Colm very much. |
| 21. | Nuair a thug sí cuireadh ar ais chun a hárasáin dó, ghlac sé leis go fonnmhar. | When she invited him back to her apartment, he accepted eagerly. |
| 22. | D'fhág sé slán ag a chompánaigh, lig air nár thug sé a sméideadh is a gcuid ráiteas graosta faoi deara, agus threoraigh amach í go dtí an áit ina raibh an Porsche páirceáilte aige. | He said goodbye to his companions, pretended that he didn't notice their winking and their vulgar speech, and led her out to the place where he had his Porsche parked. |
| 23. | Bhí a hárasán suite i dteach ard maorga i gceantar an-saibhir den chathair. | Her apartment was located in a high stately house in a very rich area of the city. |
| 24. | Bhí an troscán daor agus rachfá go béal na mbróg sna cairpéid dhoimhne. | Her furniture was expensive and you would go to the top of your shoes in the deep carpets. |
| 25. | 'Suigh, a thaisce, agus lig do scíth,' a dúirt Ciara leis de glór binn íseal. | 'Sit, dear, and relax,' Ciara said to him with a low sweet voice. |

| | | |
|---|---|---|
| 26. | Shiúil sí anonn chuig cornchlár ar a raibh buidéil agus gloiní ina seasamh i ndlúthchipí. | She walked over to a sideboard where bottles and glasses were standing in serried ranks. |
| 27. | 'Cad a ólfaidh tú?' | 'What will you drink?' |
| 28. | 'Táim sách faoi láthair,' a d'fhreagair Colm. | 'I'm full at present,' answered Colm. |
| 29. | 'Seafóid! Caithfidh tú deoch a ól ar do chéad chuairt ar mo phálás anseo,' a dúirt Ciara le gearrgháire. | 'Ridiculous! You have to drink a drink on your first visit to my palace here,' said Ciara with a short laugh. |
| 30. | 'Ullmhóidh mé *pina colada* duit.' | 'I'll make *a piña colada* for you.' |
| 31. | Chrom sí ar bhuidéil a chroitheadh agus ar dheochanna a mheascadh. | She began shaking bottles and mixing drinks. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| 1. | Cá raibh Colm Ó Sé? | Where was Colm O'Shea? |
| 2. | Cén t-am a bhí sé? | What time was it? |
| 3. | Cad a bhí cearr le Colm? | What was wrong with Colm? |
| 4. | Cá ndeachaigh sé an oíche roimhe sin? | What did he do the previous night? |
| 5. | Cad a rinne sé ansin? | What did he do there? |
| 6. | Cé a chonaic é? | Who did he see? |
| 7. | Cén chuma a bhí ar Shíle? | What did Sheila look like? |
| 8. | An raibh Colm saibhir nó bocht, meas tú? Cén fáth? | Do you think Colm was rich or poor? Why? |
| 9. | Cé ndeachaigh siad? | Where did they go? |
| 10. | Cad a cheapann tú faoi Cholm? | What do you think about Colm? |
| 11. | Cad a cheapann tú faoi Shíle? | What do you think about Sheila? |